

Ceisteanna samplacha don club leabhar

1. An raibh an suíomh inar tharla an scéal go maith? Ar chuir sé leis an scéal nó a mhalairt?
2. An raibh an plota go maith? An raibh go leor cor (*twists*) sa scéal?
3. Cad iad na téamaí ar chuir an t-údar béim orthu sa leabhar?
4. Cad iad na rudaí a thaitin agus nár thaitin leat faoi stíl an údair?
5. An raibh na carachtair inchreidte (*believable*) nó dochreidte (*unbelievable*)? Ar chuir siad tú féin nó daoine a bhfuil aithne agat orthu i gcuimhne duit?
6. Ar athraigh nó ar fhorbair na carachtair tríd an scéal? Cén fáth?
7. An raibh cuid gníomhartha (*actions*) na gcarachtar sa leabhar inchreidte?
8. An raibh an chaint idir na carachtair nádúrtha?
9. Ar bhraith tú míshuaimhneach agus cuid ar bith den leabhar á léamh agat? Cén fáth?
10. Ar chuir an leabhar seo ag smaoineamh tú faoi do shaol féin?
11. An raibh deireadh an scéil go maith? An raibh tú ag súil leis an deireadh sin nó ar tháinig sé aniar aduaidh ort?
12. Ar thaitin an leabhar leat nó an raibh díomá ort tar éis duit é a léamh? An molfá do do chairde é a léamh?

Ceisteanna breise:
